RÚN (AE) 2022/1732 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

an 4 Bealtaine 2022

ina bhfuil barúlacha atá ina gcuid dhílis den chinneadh maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad Ghníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh (EASA) don bhliain airgeadais 2020

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA,

— ag féachaint do chinneadh uaithi maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad Ghníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2020,

— ag féachaint do Riail 100 agus d'Iarscríbhinn V dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Iompar agus um Thurasóireacht,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Rialú Buiséadach (A9-0122/2022),

A. de bhrí, de réir a ráitis ar ioncam agus ar chaiteachas ([1]), gurbh é EUR 183 042 000 buiséad críochnaitheach Ghníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh ("an Ghníomhaireacht") don bhliain airgeadais 2020, arb ionann é agus laghdú 6,81 % i gcomparáid le 2019; de bhrí gur as buiséad an Aontais a thagann EUR 37 954 000 de bhuiséad na Gníomhaireachta agus gur ioncam ó tháillí agus muirir ([2]) atá in EUR 90 000 000 de; de bhrí go bhfuil laghdú suntasach de EUR 18 000 000 (– 15 %) tagtha ar ioncam na Gníomhaireachta ó tháillí agus muirir mar thoradh ar ghéarchéim COVID-19;

B. de bhrí go luaitear i dtuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí ("an Chúirt") maidir le cuntais bhliantúla Ghníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2020 ("an tuarascáil ón gCúirt") gur soláthraíodh dearbhú réasúnach di go bhfuil cuntais na Gníomhaireachta beacht agus gur idirbhearta dlíthiúla agus rialta is bun leo;

Bainistiú buiséid agus airgeadais

1. ag tabhairt dá haire, agus é ina dhíol sásaimh di, gur 98,62 % a bhí i ráta chur chun feidhme an bhuiséid mar thoradh ar na hiarrachtaí faireacháin buiséid i rith 2020, arb ionann sin agus méadú 1,93 % i gcomparáid le 2019; ag tabhairt dá haire gurbh é 92,65 % an ráta forghníomhaithe maidir le leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí, arb ionann é agus méadú 3,59 % i gcomparáid le 2019;

2. ag tabhairt dá haire gur chríochnaigh an Ghníomhaireacht an bhliain le barrachas táillí agus muirear de EUR 9,4 milliún; ag tabhairt dá haire go gcuirtear an barrachas "táillí agus muirear" leis an mbarrachas carntha, lena méadaítear é ó EUR 51,5 milliún go EUR 60,9 milliún;

3. ag tabhairt dá haire gur méadaíodh ráta na leithreasuithe cealaithe i ndáil le gealltanais a tugadh anonn go dtí 2020 go 5,46 % (3,7 % in 2019), os cionn na sprice de 2,5 % a shocraigh an Ghníomhaireacht ina táscairí feidhmíochta 2020 agus beagán os cionn na huasteorann de 5 % a shocraigh an Coimisiún; ag tabhairt dá haire gurbh í géarchéim COVID-19 ba cúis leis sin den chuid is mó, chomh maith le cealuithe a bhain le srianta domhanda taistil, bearta dianghlasála, laghdú ar ghníomhaíochtaí agus cealú imeachtaí; ag moladh go ndéanfaí bearta chun an sprioc 2,5 % a bhaint amach;

Feidhmíocht

4. ag tabhairt dá haire go mbaineann an Ghníomhaireacht leas as bearta áirithe mar eochairtháscairí feidhmíochta (ETFanna) chun measúnú a dhéanamh ar an mbreisluach arna sholáthar ag a gníomhaíochtaí agus as bearta eile chun feabhas a chur ar bhainistiú a buiséid; ag tabhairt dá haire go ndearna an Ghníomhaireacht faireachán ar 59 ETF in 2020, lena n-áirítear spriocanna chun feabhas a chur ar riaradh an bhuiséid, amhail ráta cur chun feidhme buiséid 95 % nó níos mó, ráta 5 % nó níos lú i dtaca le cur chun feidhme gealltanas a thugtar anonn, ráta cur chun feidhme ioncaim tionscadail ó tháillí agus muirir, agus an toradh ar sheachfhoinsiú táillí agus muirear; ag tabhairt dá haire, ina theannta sin, go ndéanann an Ghníomhaireacht príomhchláir/príomhthionscadail a chur chun feidhme, amhail an clár claochlaithe, ar clár é arb iad na príomhchuspóirí atá leis modhanna oibre a nuachóiriú, próisis a shimpliú agus seirbhísí digiteacha a sholáthar dá geallsealbhóirí seachtracha, agus, ar an gcaoi sin, díriú ar ghnóthachain éifeachtúlachta costais a bhaint amach, arb ionann iad agus 8 % ar a laghad i gcomparáid le 2019, agus gnóthachain éifeachtúlachta foriomlána 20-25 % a sholáthar ar leibhéal na Gníomhaireachta faoi 2025; á iarraidh ar an nGníomhaireacht tuairisciú ar an dul chun cinn maidir lena feidhmíocht amach anseo;

([1]) IO C 114, 31.3.2021, lch. 81.
([2]) IO C 114, 31.3.2021, lch. 78.

5. á thabhairt dá haire go raibh tionchar mór ag paindéim COVID-19 ar an nGníomhaireacht, mar rialtóir earnála eitlíochta; á chur in iúl gur geal léi gur athdhírigh an Ghníomhaireacht a plean leanúnachais gnó ar na gnéithe sonracha sláinte agus sábháilteachta a bhaineann le COVID-19 do bhaill foirne na Gníomhaireachta, do phearsanra eitlíochta, do phaisinéirí agus do gheallsealbhóirí eile in earnáil na heitlíochta i gcoitinne; ag tabhairt dá haire go ndearna an Ghníomhaireacht a Clár Oibre Bliantúil a athbhreithniú i mí an Mhárta 2020 agus tosaíochtaí agus cuspóirí a bhí ann cheana a chomhlánú trí thacú go gníomhach lena geallsealbhóirí agus trí aghaidh a thabhairt ar na dúshláin nua; ag tabhairt dá haire ó fhreagairtí na Gníomhaireachta ar an gCeistneoir Caighdeánach, in ainneoin gur chuir an phaindéim isteach ar 35 % go 40 % de na cuspóirí/eochairtháscairí feidhmíochta, go raibh an Ghníomhaireacht in ann 90 % de na spriocanna ina Clár Oibre Bliantúil a bhaint amach;

6. ag tabhairt dá haire, mar gheall ar tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas, go raibh ar an nGníomhaireacht formhaoirseacht ar 129 n-eagraíocht tríú tír a bhí seachfhoinsithe roimhe sin chuig Údarás Eitlíochta Sibhialta na Ríochta Aontaithe a tharraingt siar;

7. ag moladh go háirithe na hoibre a rinne an Ghníomhaireacht i ndáil leis an tionscadal le haghaidh fhilleadh sheirbhís Boeing 737 Max san Eoraip, rud a léiríonn ceannaireacht láidir agus athléimneacht;

8. ag moladh fhreagairt ghasta na Gníomhaireachta ar ghéarchéim COVID-19, freagairt a bhí mar bhonn le cur chuige soiléir agus comhchuibhithe ar fud na hEorpa. ag tabhairt dá haire, mar chuid den fhreagairt ghasta sin, gur foilsíodh an Prótacal um Shábháilteacht Sláinte Eitlíochta i gcomhar leis an Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú (ECDC), prótacal a sholáthair treoir oibríochtúil shoiléir agus moltaí rioscabhunaithe le haghaidh aerthaistil, gur seoladh cairtchlár le haerlínte agus le hoibreoirí aeradróm chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an Phrótacail, gur tionscnaíodh an tionscadal um Fhilleadh ar Ghnáthoibríochtaí agus gur cruthaíodh Punann Riosca Sábháilteachta COVID-19; á iarraidh ar an gCoimisiún oibriú le chéile leis an nGníomhaireacht chun a áirithiú go leanfaidh freagairt na mBallstát ar an staid eipidéimeolaíoch reatha de bheith ailínithe agus comhordaithe agus go ndíríonn sé ar "chur chuige duinebhunaithe" atá nasctha le Deimhniú Digiteach COVID an Aontais;

9. ag tabhairt dá haire go raibh tionchar mór ag staid COVID-19 ar chumas na Gníomhaireachta dul chun cinn a dhéanamh maidir le gníomhaíochtaí idirnáisiúnta, go háirithe tionscadail cúnaimh theicniúil, de bharr na srianta breise taistil, neamh-infhaighteacht na gcomhghleacaithe idirnáisiúnta/na ngeallsealbhóirí idirnáisiúnta agus an scartha shóisialta;

10. á chur in iúl gur geal léi na hiarrachtaí leanúnacha ón nGníomhaireacht réimsí le haghaidh comhar breise le Gníomhaireachtaí eile Aontais a iniúchadh a mhéid is indéanta, agus cineál na ngníomhaíochtaí á chur san áireamh, chun forluíonna féideartha a laghdú; á chur in iúl gur geal léi na gníomhartha nithiúla atá déanta cheana féin i gcomhar leis an nGníomhaireacht Eorpach Iarnróid, an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta, an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia, an Fhondúireacht Eorpach Oiliúna, an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí agus an Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil; á mholadh go láidir don Ghníomhaireacht comhar breise agus comhar níos fairsinge a lorg le gníomhaireachtaí uile an Aontais;

11. ag tabhairt dá haire gur sheol an Ghníomhaireacht a clár claochlaithe corparáidigh, *Destination: Futureproof*, [Ceann Scríbe: an Aimsir a Sheasamh] ina n-ionchorpraítear an tionscnamh digiteála leantach (CORAL), ar clár é arb iad na príomhchuspóirí atá leis modhanna oibre a nuachóiriú, próisis a shimpliú agus seirbhísí digiteacha a sholáthar dá geallsealbhóirí seachtracha; ag tabhairt dá haire go bhfuiltear ag súil go mbeidh an clár i bhfeidhm go dtí 2023 agus go soláthróidh sé gnóthachain éifeachtúlachta foriomlána arb ionann iad agus 20 % go 25 % faoi 2025;

12. ag tabhairt dá haire go ndéanann an Ghníomhaireacht roinnt cúraimí athfhillteacha a sheachfhoinsiú chuig na Ballstáit d'fhonn saineolaithe ardoilte a shaoradh chun go mbeidh siad ar fáil le haghaidh cúraimí níos straitéisí; ag tabhairt aitheantais d'iarrachtaí leanúnacha na Gníomhaireachta éirí níos éifeachtúla, agus acmhainní a chur ar fáil, lena n-áirítear foireann cháilithe;

13. á chur in iúl gur díol sásaimh di gur shínigh an Ghníomhaireacht conradh taighde arna mhaoiniú ag an gclár Fís 2020 chun feabhas a chur ar cheanglais Iarscríbhinn 16, Imleabhar II de ICAO maidir le sampláil agus tomhas astaíochtaí innill agus teicnící deartha agus tomhais níos láidre a mholadh;

Beartas maidir le foireann

14. ag tabhairt dá haire, an 31 Nollaig 2020, gurbh ionann ráta cur chun feidhme an phlean bunaíochta agus 94,26 %, agus gur ceapadh 641 ghníomhaire sealadach as 680 gníomhaire sealadach arna n-údarú faoi bhuiséad an Aontais (i gcomparáid le 680 post údaraithe in 2019); ag tabhairt dá haire, ina theannta sin, go raibh 88 ngníomhaire ar conradh agus 15 shaineolaí náisiúnta ar iasacht ag obair don Ghníomhaireacht in 2020;

15. ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, go bhfuil easpa cothromaíochta inscne in ardbhainistíocht na Gníomhaireachta, inar fir iad 20 duine as 25 duine (80 %), agus i mbord bainistíochta na Gníomhaireachta, inar fir iad 60 duine as 80 duine (75 %); ag cur béim ar an gcothromaíocht inscne laistigh d'fhoireann fhoriomlán na Gníomhaireachta, inar fir iad 508 duine as 744 duine (68,3 %); á iarraidh ar an nGníomhaireacht cothromaíocht inscne a áirithiú ar leibhéal na bainistíochta agus ar leibhéal na foirne amach anseo; á iarraidh an athuair ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit go gcuirfear san áireamh an tábhacht a bhaineann le cothromaíocht inscne a áirithiú agus a gcuid comhaltaí á n-ainmniú acu do bhord bainistíochta na Gníomhaireachta;

16. á chur in iúl gur geal léi na bearta a rinne an Ghníomhaireacht chun cothromaíocht inscne a bhaint amach, amhail iarratais ó mhná a spreagadh le linn nósanna imeachta roghnúcháin, dálaí oibre fabhracha agus socruithe solúbtha atá nasctha le máithreachas a thairiscint; ag spreagadh na Gníomhaireachta miondealú uile-Aontais ar inscne de réir catagóir foirne a chur isteach ina figiúirí comhdhlúite foirne chun tuilleadh eolais a thabhairt faoin gcothromaíocht inscne laistigh dá foireann;

17. á chur in iúl gur geal léi bunú agus reáchtáil cláir um cháilíochtaí sóisearacha; ag spreagadh na Gníomhaireachta dul i mbun forbairt ar chreat beartais fadtéarmach um Acmhainní Daonna lena dtugtar aghaidh ar chothromaíocht oibre is saoil, treoir agus forbairt gairme ar feadh an tsaoil, cothromaíocht inscne, teilea-obair, cothromaíocht gheografach, agus earcú agus lánpháirtiú daoine faoi mhíchumais;

18. ag tabhairt dá haire, mar fhreagairt ar ghéarchéim COVID-19 agus ar an tionchar atá aige ar thionscal na heitlíochta, gur ghlac an Ghníomhaireacht cur chuige níos coimeádaí i leith na hearcaíochta agus í ag féachaint leis an gcothromaíocht cheart a bhaint amach idir riachtanais ghnó agus acmhainní atá ar fáil, trí thús áite a thabhairt do shoghluaiseacht inmheánach agus comhroinnt shealadach acmhainní idir aonaid; ag tabhairt dá haire go ndearna an Ghníomhaireacht samhail pleanála acmhainní a chur chun feidhme ina raibh athbhreithnithe ráithiúla, trí chothromaíocht a aimsiú idir éileamh tosaíochta ar thallann ghnó agus tionchar airgeadais chun a chinntiú go gcuirfí chun feidhme na cúraimí uile a bhí beartaithe sa doiciméad don Phleanáil Straitéiseach; ag tabhairt dá haire, thairis sin, gurbh éigean don Ghníomhaireacht cuid den earcaíocht a bhí beartaithe le haghaidh 2020 go 2023 a chur siar mar thoradh ar an nós imeachta nua sin maidir le hacmhainní;

19. á chur in iúl gur geal léi na hiarrachtaí arna ndéanamh ag an nGníomhaireacht chun feabhas a chur ar an idirphlé sóisialta maidir le hábhair amhail ciapadh a chosc agus tacaíocht foirne, ar gnéithe tábhachtacha iad le haghaidh reáchtáil ghníomhaíochtaí na Gníomhaireachta agus dhea-bhail a fostaithe; á thabhairt dá haire gur tháinig an Ghníomhaireacht, i ndiaidh idirphlé sóisialta, ar chomhaontú i mí Iúil 2020 maidir le bearta srianta chun freagairt don ghéarchéim dhomhanda; á mheabhrú go bhfuil an ráta ballraíochta ceardchumainn ag dul i méid i measc fhoireann na Gníomhaireachta agus ag tabhairt aitheantais don ráiteas ón nGníomhaireacht gur chuir an bhallraíocht i gceardchumainn le comhairliúchán níos leithne, agus go bhfreagraíonn sé d'ardleibhéal éiginnteachta/cúiseanna imní maidir lena bhfuil i ndán do thionscal na heitlíochta i gcoitinne; á chur i bhfios, de réir na Gníomhaireachta, go leanann a bainistíocht de bheith i dteagmháil go minic lena comhpháirtithe sóisialta chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna sóisialta agus á iarraidh ar an nGníomhaireacht an t-údarás um urscaoileadh a choinneáil ar an eolas ina leith;

Soláthar

20. ag tabhairt dá haire ón tuarascáil ón gCúirt, i dtaca le hobair leantach ar bharúlacha ón mbliain roimhe, gur gheall an Ghníomhaireacht na cistí le haghaidh comhaontú leis an gCoimisiún, maidir le seirbhísí cartlannaithe, thart ar ocht mí i ndiaidh athnuachan an chomhaontaithe in 2018; ag tabhairt dá haire, de réir an Rialacháin Airgeadais, gur cheart an gealladh cistí a thaifeadadh sula dtéitear faoi chomhair oibleagáid dhlíthiúil; ag tabhairt dá haire, sa fhreagra ón nGníomhaireacht, go ndéanfaí córas TF a chur chun feidhme lena gcuirfear cosc ar aon riosca go rachfar faoi chomhair gealltanais dhlíthiúla sula mbeadh na gealltanais bhuiséadacha déanta; á iarraidh ar an nGníomhaireacht aon athruithe ina leith a thuairisciú don údarás um urscaoileadh;

21. ag tabhairt dá haire, i gcomhréir leis na freagraí a cuireadh ar fáil don Pharlaimint i gcomhthéacs urscaoileadh 2018, ina ndúradh gur baineadh leas as réiteach ríomhsholáthair chun dul i ngleic le rioscaí maidir le costais a bhain le sonrascadh i nósanna imeachta soláthair na Gníomhaireachta, gur thionscain an Ghníomhaireacht bearta éagsúla chun an bainistiú conarthaí a fheabhsú go mór, a raibh gnóthachain éifeachtúlachta breise agus laghduithe costas mar thoradh orthu; á thabhairt dá haire go n-athdhearbhaíonn an Ghníomhaireacht a thábhachtaí atá conarthaí lena soláthraítear an luach is fearr ar airgead agus go bhfuil céimeanna glactha aici chun ról na ngníomhaithe a bhfuil baint acu leis an bpróiseas soláthair a neartú, go háirithe bainisteoirí conarthaí;

22. ag tabhairt dá haire i dtaca leis an obair leantach ar thuarascáil 2019 ón gCúirt go bhfuil gníomhaíochtaí déanta ag an nGníomhaireacht chun feabhas a chur ar a córais TF, agus go bhfuil cúrsaí oiliúna á soláthar aici chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh na gealltanais airgeadais uile na hoibleagáidí dlíthiúla institiúideacha comhfhreagracha; á iarraidh ar an nGníomhaireacht torthaí na ngníomhaíochtaí a dhéantar a thuairisciú;

23. ag tabhairt dá haire, maidir leis an obair leantach ar na barúlacha ón gCúirt in 2020, go ndearna an Ghníomhaireacht uirlis ríomhthíolactha a chur chun feidhme le haghaidh nósanna imeachta soláthair; ag tabhairt dá haire, maidir le ríomhshonrascadh, go bhfuil a sonraíochtaí gnó tugtha chun críche ag an nGníomhaireacht agus go bhfuil réiteach TF a chomhlíonfadh na sonraíochtaí sin á lorg aici faoi láthair; á iarraidh ar an nGníomhaireacht tuarascáil a thabhairt don údarás um urscaoileadh ar na forbairtí ina leith sin;

Coinbhleachtaí leasa a chosc agus a bhainistiú, agus trédhearcacht

24. ag aithint na mbeart atá ar bun cheana féin ag an nGníomhaireacht cheana agus na n-iarrachtaí leanúnacha atá á ndéanamh aici chun trédhearcacht, cosc agus bainistiú coinbhleachtaí leasa a áirithiú, agus chun cosaint sceithirí a áirithiú; á chur in iúl gur geal léi nach raibh aon chásanna coinbhleachta leasa ann in 2020; ag tabhairt dá haire thairis sin go bhféadfaí dul i ngleic le haon chásanna féideartha sa Ghníomhaireacht le bearta maolaithe; á thabhairt dá haire go ndéantar CVanna agus dearbhuithe leasa an chuid is mó de na comhaltaí boird a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin na Gníomhaireachta;

25. ag tabhairt dá haire, i bhfianaise a theicniúla atá sé, go ndéanann an Ghníomhaireacht idirphléití oscailte le geallsealbhóirí eitlíochta, agus go gcuirtear a ndearcthaí san áireamh agus cinntí á ndéanamh maidir le nósanna imeachta um rialacha a dhéanamh agus um dheimhniú; ag tabhairt dá haire, thairis sin, go léirítear na ceardlanna teicniúla uile a bhíonn á n-eagrú ag an nGníomhaireacht lena geallsealbhóirí eitlíochta ar leathanach na n-imeachtaí ar shuíomh gréasáin na Gníomhaireachta;

26. á iarraidh ar an nGníomhaireacht a dícheall a dhéanamh i gcónaí na caighdeáin idirnáisiúnta is airde a choimeád maidir lena feidhmiú, lena n-áirítear a córas bainistithe comhtháite;

Rialú inmheánach

27. ag tabhairt dá haire, ainneoin moilleanna áirithe a lean as géarchéim COVID-19, gur tionscnaíodh na gníomhaíochtaí uile a moladh mar fhreagairt ar na moltaí arna n-eisiúint ag an tSeirbhís Iniúchóireachta Inmheánaí, agus go bhfuil an stádas "idir lámha" acu; ag tabhairt dá haire gurb é a bhí sna príomh-mholtaí a bhain leis an nGníomhaireacht, cúrsaí athoiliúna a dhéanamh maidir le calaois a chosc agus maidir le coinbhleacht leasanna; ag cur béim thairis sin ar an gcomhairle don Ghníomhaireacht faireachán a dhéanamh ar ré na dtionscadal um dheimhniú agus ar an moladh maidir le sásraí rialaithe le haghaidh chórais bainistíochta na n-údarás eitlíochta náisiúnta; á iarraidh ar an nGníomhaireacht aon fhorbairtí amach anseo maidir leis na hábhair sin a chur in iúl don údarás um urscaoileadh;

28. ag tabhairt dá haire go ndearna an cumas iniúchóireachta inmheánaí cúig dhearbhú iontaofachta um iniúchóireacht in 2020 chun a mheas an raibh na rialacháin ábhartha á gcomhlíonadh, an raibh cuspóirí próisis á sásamh, agus an raibh na príomhrioscaí á maolú go hiomchuí laistigh den Ghníomhaireacht; ag tabhairt dá haire go ndearnadh roinnt moltaí chun feabhas breise a chur ar an timpeallacht rialaithe nó ar éifeachtúlacht fhoriomlán na bpróiseas;

An fhreagairt ar COVID-19 agus leanúnachas gnó

29. ag tabhairt dá haire, sa fhreagairt ón nGníomhaireacht ar ghéarchéim COVID-19, gur díríodh ar sholúbthacht rialála a sholáthar don tionscal eitlíochta Eorpach, ar shláinte agus sábháilteacht paisinéirí agus pearsanra túslíne a áirithiú, ar chomhordú le heagraíochtaí idirnáisiúnta chun bearta leormhaithe a chur chun feidhme chun leathadh COVID-19 a chomhrac, agus ar thosaíochtaí agus modhanna oibre a choigeartú chun dul in oiriúint do na réaltachtaí nua agus do na dúshláin nua atá ag teacht chun cinn de dheasca na paindéime;

30. ag tabhairt dá haire gur infheistigh an Ghníomhaireacht acmhainní chun tionscadail riaráiste a chur i gcrích, chun tacú le sreafaí oibre COVID-19 agus chun tosaíochtaí straitéiseacha a chur chun cinn amhail an comhshaol, nuálaíocht agus forbairtí amach anseo, lena n-áirítear ladrainn; ag tabhairt dá haire thairis sin gur thug an ghéarchéim titim shuntasach de EUR 18 000 000 in ioncam na Gníomhaireachta ó tháillí agus muirir, a bhí 15 % níos ísle i gcomparáid le plean tosaigh 2020; ag tabhairt dá haire, áfach, gur éirigh leis an nGníomhaireacht a hinbhuanaitheacht airgeadais a chaomhnú, trí bhíthin cleachtadh uileghabhálach chun costais a laghdú;

Barúlacha eile

31. ag tabhairt dá haire, maidir leis an obair leantach ar an tuarascáil ón gCúirt anuraidh, go ndearna an Ghníomhaireacht meastóireacht ar an éifeacht ar acmhainní daonna de bharr tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas; ag tabhairt dá haire go bhfuair an chuid is mó den fhoireann i gceist saoránacht na Gearmáine nó saoránacht Ballstáit eile roimh tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas agus nach raibh ach seisear ball foirne a raibh saoránacht na Ríochta Aontaithe acu faoi dheireadh 2020; á chur in iúl gur geal léi gur chinn an Ghníomhaireacht ligean do na baill foirne eile nach raibh ach saoránacht na Ríochta Aontaithe acu a bpoist a choinneáil, d'ainneoin saoránacht Aontais a bheith caillte acu;

32. ag tabhairt dá haire, maidir leis an obair leantach ar an tuarascáil ón gCúirt anuraidh, go bhfuil a gníomhaíochtaí deimhnithe agus caighdeánaithe á sruthlíniú ag an nGníomhaireacht tar éis sheoladh a Cláir um Eitlíocht Inbhuanaithe in 2020, ar clár é lenar féidir rannchuidiú go suntasach le cur chun feidhme an Chomhantaithe Ghlais don Eoraip; ag tabhairt dá haire, chun na huaillmhianta Eorpacha a bhaint amach maidir le hinbhuanaitheacht agus eitlíocht, go ndíríonn tosaíochtaí na Gníomhaireachta ar thacaíocht a thabhairt do theicneolaíochtaí nua níos glaise agus iad a chothú, éascaíocht a dhéanamh ar dhícharbónú an chórais eitlíochta, agus gnóthachain éifeachtúlachta oibríochtúla a chur chun cinn a mbeidh tionchar dearfach acu ar an bhfeidhmíocht chomhshaoil;

33. ag cur sonrú sa staidéar a d'fhoilsigh an Ghníomhaireacht in 2020 ina bhfuil anailís nuashonraithe ar "thionchair aeráide neamh-CO_2 na heitlíochta agus na mbeart beartais a d'fhéadfadh a bheith ann de bhun Airteagal 30(4) den Treoir faoi chóras AE maidir le trádáil astaíochtaí";

34. á chur in iúl gur díol sásaimh di infheistíochtaí na Gníomhaireachta i saoráidí físchomhdhála chun iarracht a dhéanamh taisteal gnó a laghdú agus ag spreagadh na Gníomhaireachta tiomantas a thabhairt d'úsáid leanúnach na saoráidí sin san fhadtéarma;

35. á chur in iúl gur geal léi, maidir leis an obair leantach ar an tuarascáil ón gCúirt anuraidh, go ndearna an Ghníomhaireacht comhordaitheoir míchumais a ainmniú, i ngeall ar an Straitéis maidir le Cearta Daoine faoi Mhíchumas 2021-2030, a bheidh freagrach as inrochtaineacht shuíomh gréasáin na Gníomhaireachta a athbhreithniú; á iarraidh ar an nGníomhaireacht tuarascáil a thabhairt don údarás um urscaoileadh ar na forbairtí ina leith sin;

36. ag tabhairt dá haire ó na freagraí ón nGníomhaireacht gur chuir an Ghníomhaireacht straitéis meán sóisialta fheabhsaithe i bhfeidhm agus gur athdhear sí a suíomh gréasáin chun spás a chruthú ina gcuirtear inneachar ar fáil le haghaidh lucht féachana neamhspeisialtóireachta, ach á iarraidh ar an nGníomhaireacht an fhaisnéis atá ann a chur ar fáil ní hamháin i mBéarla, ach sa mhéid teangacha oifigiúla is féidir; ag tabhairt dá haire gur chuir an cleachtas sin ar chumas na Gníomhaireachta an pobal a chur ar an eolas maidir leis na bearta a bhí á nglacadh chun sláinte agus sábháilteacht a áirithiú in iompar paisinéirí le linn phaindéim COVID-19;

37. ag tabhairt dá haire ó na freagraí ar an gceistneoir caighdeánach gur ghlac an Ghníomhaireacht Clár Eitlíochta Inbhuanaithe uileghabhálach i mí an Mhárta 2020; ag tabhairt dá haire go n-áirítear sa chlár gníomhaíocht maidir le "EASA Inbhuanaithe", ar gníomhaíocht í a spreagfaidh treochlár na Gníomhaireachta chun faireachán a dhéanamh ar lorg comhshaoil na Gníomhaireachta agus é a bhainistiú; á iarraidh ar an nGníomhaireacht tuarascáil a thabhairt don údarás um urscaoileadh ar na forbairtí ina leith sin;

38. á iarraidh ar an nGníomhaireacht leanúint dá shineirgí a fhorbairt agus comhar agus malartú dea-chleachtas le gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais a mhéadú d'fhonn éifeachtúlacht a fheabhsú (lena n-áirítear i dtaca le hacmhainní daonna, bainistiú foirgneamh, seirbhísí TF agus slándáil, etc);

39. á mheabhrú a thábhachtaí atá sé digiteáil na Gníomhaireachta a mhéadú ó thaobh oibriú agus bainistiú inmheánach de ach freisin chun dlús a chur le digiteáil nósanna imeachta; á chur i bhfáth gur gá don Ghníomhaireacht leanúint de bheith réamhghníomhach ina leith sin chun bearna dhigiteach idir na gníomhaireachtaí a sheachaint; ag tarraingt aird ar an ngá atá ann, áfach, na bearta uile is gá a dhéanamh chun aon riosca do shlándáil ar líne na faisnéise a phróiseáiltear a sheachaint;

40. ag tagairt, i ndáil le barulacha eile de chineál cothrománach a ghabhann lena cinneadh maidir le hurscaoileadh, do rún uaithi an 4 Bealtaine 2022 ([3]) ar fheidhmíocht, bainistiú airgeadais agus rialú na ngníomhaireachtaí.

([3]) Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2022)0196.